AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.6.2022
COM(2022) 275 final

2022/0182 (NLE)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/109 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Le Rialachán (AE) 2022/109[1], socraíodh gabháil iomlán incheadaithe (TAC) shealadach le haghaidh séaclaí Artacha (*Pandalus borealis*) i roinn 3a ICES (Kattegat/Skagerrak) le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022, go dtí go bhfoilseofaí an chomhairle chríochnaitheach ó ICES le haghaidh na tréimhse sin. Thairis sin, le Rialachán (AE) 2022/109 socraíodh ag nialas na TACanna sealadacha le haghaidh saláin i limistéar 3a ICES (Kattegat/Skagerrak), i roinn 2a (an Mhuir Ioruach) agus i bhfolimistéar 4 (an Mhuir Thuaidh), le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023, go dtí go bhfoilseofaí an chomhairle ó ICES. Ina theannta sin, le Rialachán (AE) 2022/109 socraíodh TAC sealadach le haghaidh saláin i ranna 7d agus 7e (Muir nIocht), le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2022, go dtí go bhfoilseofaí an chomhairle ó ICES.

Déanann an tAontas agus an Iorua comhaontú maidir leis na deiseanna iascaireachta cinntitheacha le haghaidh séaclaí Artacha i roinn 3a ICES. Déanann an tAontas, an Iorua agus an Ríocht Aontaithe comhaontú maidir leis na deiseanna iascaireachta cinntitheacha le haghaidh salán i roinn 3a ICES agus i roinn 2a ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES, le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023. Déanann an tAontas agus an Ríocht Aontaithe comhaontú maidir leis na deiseanna iascaireachta cinntitheacha le haghaidh salán i ranna 7d agus 7e ICES. Foilsíodh an chomhairle ón gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) maidir leis an TACanna sin an 9 Bealtaine. Dá bhrí sin, cuirtear an marc *pm* ar na deiseanna iascaireachta le haghaidh na TACanna sin go dtí go mbeidh toradh ar an bplé sin. A luaithe a bheidh toradh na gcomhairliúchán sin ar eolas, cuirfear faoi bhráid na Comhairle páipéir leathoifigiúla ó sheirbhísí an Choimisiúin ina leagfar amach na deiseanna ábhartha iascaireachta. Ba cheart don Chomhairle, an tráth sin, na deiseanna ábhartha iascaireachta a shocrú.

Le Rialachán (AE) 2022/109 socraítear ag nialas an TAC le haghaidh ainseabhaithe (*Engraulis encrasicolus*) i bhfolimistéir 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais de chuid roinn 34.1.1 an Choiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir (CECAF) le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023, go dtí go n-eiseofar an chomhairle eolaíoch le haghaidh na tréimhse sin. Ní eiseoidh ICES a chomhairle maidir leis an stoc go dtí mí an Mheithimh 2022. Chun a áirithiú go bhféadfar leanúint den ghníomhaíocht iascaireachta go dtí go socrófar an TAC cinntitheach ar bhonn na comhairle eolaíche is déanaí, ba cheart TAC sealadach 10 061 thona a leagan síos le haghaidh mhí Iúil, mhí Lúnasa agus mhí Mheán Fómhair 2022, agus é sin arna bhunú ar na gabhálacha sa tríú ráithe de 2021.

Ós rud é nár tháinig na Ballstáit lena mbaineann ar aon chomhaontú maidir le heochair chionroinnte chríochnaitheach, sannadh do na Ballstáit, le Rialachán (AE) 2022/109, le haghaidh an chéad leath de 2022, an chuid tosaigh (50 %) de chuóta an Aontais le haghaidh tuinníní buí (*Thunnus albacares*) i Limistéar Inniúlachta IOTC (an Coimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh) le haghaidh 2022.

I dtaca leis an eochair chionroinnte chríochnaitheach le haghaidh tuinníní buí i limistéar IOTC, tá comhaontú maidir leis sin le déanamh fós ag na Ballstáit lena mbaineann agus tá

[1] Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle an Déardaoin 27 Eanáir 2022 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 31, 31.1.2022, lch. 1).

fuílleach chuóta sin an Aontais le haghaidh 2022 fós le leithdháileadh. Dá bhrí sin, cuirtear an marc *pm* ar na deiseanna iascaireachta le haghaidh an stoic sin go dtí go ndéanfaidh na Ballstáit lena mbaineann comhaontú maidir leis an gcionroinnt chríochnaitheach laistigh den Aontas. A luaithe a bheidh toradh an phlé idir na Ballstáit lena mbaineann ar eolas, cuirfear faoi bhráid na Comhairle páipéar leathoifigiúil ó sheirbhísí an Choimisiúin ina leagfar amach na deiseanna ábhartha iascaireachta. Ba cheart don Chomhairle, an tráth sin, na deiseanna ábhartha iascaireachta a shocrú sula dtiocfaidh deireadh an 30 Meitheamh 2022 le tréimhse cur i bhfeidhm an tsannta tosaigh.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá na bearta atá beartaithe comhsheasmhach le cuspóirí agus le rialacha CBI agus tá siad comhsheasmhach le beartas an Aontais maidir le forbairt inbhuanaithe.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá na bearta a mholtar comhsheasmhach le beartais eile an Aontais, go háirithe leis na beartais i réimse an chomhshaoil.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 43(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh bunús dlí an togra seo.

Eascraíonn oibleagáidí an Aontais maidir le saothrú inbhuanaithe beo-acmhainní uisceacha as oibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 2 den Rialachán maidir le CBI.

- **Coimhdeacht**

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(d) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Leis an togra cionroinnfear deiseanna iascaireachta ar na Ballstáit i gcomhréir le cuspóirí Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013[2]. De bhun Airteagail 16 agus 17 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, tá na Ballstáit le cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcaoi a bhféadfar na deiseanna iascaireachta a chionroinntear orthu a chionroint ar shoithí atá faoina mbratach i gcomhréir le critéir áirithe maidir le cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta. Dá bhrí sin, agus na Ballstáit ag dáileadh na TACanna cionroinnte, tá an lamháil is gá acu i bhfeidhmiú a rogha maidir leis an tsamhail shóisialta/eacnamaíoch lena saothrófar na deiseanna iascaireachta a chumhdaítear leis an togra.

- **An rogha ionstraime**

An ionstraim atá beartaithe: Rialachán.

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Le linn na comhairliúchán leis an Iorua maidir leis an séacla Artach, agus le linn na gcomhairliúchán leis an Ríocht Aontaithe agus leis an Iorua maidir leis an salán, cuirfidh an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas agus rachaidh sé i gcomhairle leo, go háirithe le hionadaithe eagraíochtaí neamhrialtasacha agus le hionadaithe eagraíochtaí i dtionscal na hiascaireachta. Chomh maith leis sin, leanfaidh an Coimisiún de bheith i dteagmháil le riaracháin na mBallstát trí dhianchomhordú.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Maidir leis an séacla Artach agus leis an salán, bunófar an togra ar an gcomhairle eolaíoch a bheidh le fáil ón gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) agus ar thoradh na gcomhairliúchán leis an Ríocht Aontaithe agus leis an Iorua.

- **Measúnú tionchair**

A mhéid a bhaineann leis an séacla Artach agus leis an salán, is é a dhéantar go bunúsach leis an togra ná bearta arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta a chur chun feidhme. Aon ghnéithe atá ábhartha maidir le measúnú a dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag na deiseanna iascaireachta, déileálfar leo le linn chéim ullmhúcháin agus chéim dhéanta na caibidlíochta idirnáisiúnta ar faoina cuimsiú a dhéanfar deiseanna iascaireachta an Aontais a chomhaontú leis na tríú páirtithe.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Cearta bunúsacha**

Ní bhaineann le hábhar.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh impleachtaí buiséadacha ag na bearta atá beartaithe.

5. EILIMINTÍ EILE

Sa taifead comhaontaithe ar na comhairliúcháin um iascaigh idir an tAontas agus an Iorua le haghaidh 2022, chomhaontaigh na páirtithe TAC tosaigh a leagan síos le haghaidh séaclaí Artacha i roinn 3a ICES, agus é á thabhairt dá n-aire acu go ndéanfaí an chomhairle ábhartha a nuashonrú go luath in 2022, i gcomhréir leis an straitéis bhainistíochta fhadtéarmach le haghaidh an speicis sin. Tamall ó shin thug ICES faoi obair thagarmharcála i ndáil leis an modheolaíocht mheasúnaithe a úsáidtear maidir leis an stoc sin agus is féidir, de thoradh an tagarmhairc sin, go n-athrófaí na pointí tagartha a úsáidtear sa straitéis bhainistíochta fhadtéarmach. Chomhaontaigh na páirtithe ar dhul i gcomhairle le chéile maidir le TAC cinntitheach a leagan síos le haghaidh 2022 i ndiaidh fhoilsiú na comhairle nuashonraithe ó

ICES an 9 Bealtaine 2022, agus lena linn sin go gcuirfidís san áireamh aon choigeartú ba ghá a dhéanamh ar an straitéis bhainistíochta fhadtéarmach.

Speiceas gearrshaolach is ea an salán. Dá réir sin, ba cheart na deiseanna iascaireachta a shocrú gan aon mhoill i ndiaidh fhoilsiú na comhairle ó ICES, comhairle a foilsíodh an 9 Bealtaine, ionas go bhféadfar tús a chur leis an iascach. Cuirfear tús leis an iascach an 1 Iúil 2022. Toisc go meastar gurb é an stoc bitheolaíoch amháin iad, ó bhí mí Aibreáin 2019 ann eisíonn ICES aon chomhairle amháin maidir le saláin i roinn 3a ICES (Kattegat/Skagerrak) ar thaobh amháin, agus maidir le saláin i roinn 2a ICES (an Mhuir Ioruach) agus i bhfolimistéar 4 ICES (an Mhuir Thuaidh) ar an taobh eile, cé go leantar de bhainistiú an stoic sin a dheighilt ina dhá limistéar. In 2022, d'athraigh ICES dáta foilsithe na comhairle uaidh maidir le saláin i ranna 7d agus 7e (Muir nIocht) chun é a ailíniú le dáta na comhairle uaidh maidir le saláin i roinn 3a ICES (Kattegat/Skargerrak), i roinn 2a ICES (an Mhuir Ioruach) agus i bhfolimistéar 4 ICES (an Mhuir Thuaidh), chun é a ailíniú níos fearr leis an séasúr iascaireachta agus chun go gcuirfí na sonraí ba dhéanaí ó shuirbhéanna san áireamh sa mheasúnú.

Ag a chruinniú bliantúil in 2021, ghlac IOTC cinneadh lenar socraíodh teorainneacha gabhála athbhreithnithe le haghaidh an tuinnín buí, teorainneacha nach bhfuil teoranta a thuilleadh do bháid peas-saighne, agus a n-áirítear leo anois gach trealamh a úsáidtear in iascach an tuinnín bhuí. Le Rialachán (AE) 2022/109 cuireadh na teorainneacha gabhála athbhreithnithe sin chun feidhme i ndlí an Aontais. Ar mhuin an chruinnithe bhliantúil, chuaigh an Coimisiún i gceann comhairliúcháin theicniúla leis na Ballstáit lena mbaineann chun éascaíocht a dhéanamh do chomhaontú maidir le heochair cionroinnte inmheánaigh an Aontais le haghaidh an tuinnín bhuí lena n-áireofaí gach trealamh iascaireachta. Mar sin féin, níor tháinig na Ballstáit lena mbaineann ar chomhaontú maidir le heochair chionroinnte chríochnaitheach go dtí mí an Mhárta 2022. Sa chomhthéacs sin, agus ós rud é gur gá deiseanna iascaireachta a thabhairt do chabhlach an Aontais a oibríonn i limistéar IOTC, sannadh do na Ballstáit, le Rialachán (AE) 2022/109, le haghaidh an chéad leath de 2022, an chuid tosaigh (50 %) de chuóta an Aontais le haghaidh tuinníní buí i limistéar IOTC.

2022/0182 (NLE)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/109 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle[1] socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad.

(2) Le Rialachán (AE) 2022/109, socraítear gabháil iomlán incheadaithe ('TAC') shealadach le haghaidh séaclaí Artacha (*Pandalus borealis*) i roinn 3a ICES (Kattegat/Skagerrak), go dtí go bhfoilseofar an chomhairle eolaíoch chríochnaitheach ón gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara ('ICES'). Ba cheart TAC cinntitheach le haghaidh an stoic sin a shocrú i gcomhréir leis an gcomhairle chríochnaitheach sin agus i gcomhréir le toradh na gcomhairliúchán idir an tAontas agus an Iorua.

(3) Le Rialachán (AE) 2022/109 socraítear TACanna nialasacha sealadacha le haghaidh saláin (*Sprattus sprattus*) i limistéar 3a ICES (Kattegat/Skagerrak), i roinn 2a (an Mhuir Ioruach) agus i bhfolimistéar 4 (an Mhuir Thuaidh) le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023, go dtí go bhfoilseofar an chomhairle ó ICES. Ba cheart TAC cinntitheach le haghaidh na limistéar bainistíochta siúd a shocrú i gcomhréir leis an gcomhairle sin agus i gcomhréir le toradh na gcomhairliúchán idir an tAontas, an Iorua agus an Ríocht Aontaithe.

(4) Le Rialachán (AE) 2022/109 socraítear TAC sealadach le haghaidh saláin i ranna 7d agus 7e (Muir nIocht), le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2022, go dtí go bhfoilseofar an chomhairle eolaíoch ábhartha ó ICES maidir leis an tréimhse ón 1 Iúil 2022 go dtí an 20 Meitheamh 2023. In 2022, d'eisigh ICES a chomhairle an 9 Bealtaine 2022. Ba cheart TAC cinntitheach le haghaidh an stoic sin a shocrú i gcomhréir leis an gcomhairle chríochnaitheach sin agus i gcomhréir le toradh na gcomhairliúchán idir an tAontas agus an Iorua.

[1] Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle an Déardaoin 27 Eanáir 2022 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 31, 31.1.2022, lch. 1).

(5) Le Rialachán (AE) 2022/109 socraítear ag nialas an TAC le haghaidh ainseabhaithe (*Engraulis encrasicolus*) i bhfolimistéir 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais de chuid roinn 34.1.1 CECAF le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023, go dtí go n-eiseofar an chomhairle eolaíoch maidir leis an tréimhse sin. Eiseoidh ICES a chomhairle maidir leis an stoc i mí an Mheithimh 2022. Chun a áirithiú go bhféadfar leanúint de ghníomhaíocht iascaireachta go dtí go socrófar an TAC cinntitheach ar bhonn na comhairle eolaíche is déanaí, ba cheart TAC sealadach 10 061 thona, arna bhunú ar na gabhálacha sa tríú ráithe de 2021, a leagan síos le haghaidh mhí Iúil, mhí Lúnasa agus mhí Mheán Fómhair 2022.

(6) Le Rialachán (AE) 2022/109 cuireadh chun feidhme i ndlí an Aontais na teorainneacha gabhála athbhreithnithe le haghaidh tuinníní buí (*Thunnus albacares*) i Limistéar Inniúlachta IOTC (‘an Coimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh’). I dtaca leis na teorainneacha gabhála athbhreithnithe, níl na teorainneacha sin teoranta a thuilleadh do bháid peas-saighne, agus áirítear leo anois gach trealamh a úsáidtear in iascach an tuinnín bhuí. Thairis sin, ós rud nár thángthas ar chomhaontú idir na Ballstáit lena mbaineann maidir leis an mbealach b’iomchuí chun na teorainneacha gabhála athbhreithnithe a roinnt, sannadh do na Ballstáit, le Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle, le haghaidh an chéad leath de 2022, an chuid tosaigh (50 %) de chuóta an Aontais le haghaidh tuinníní buí i limistéar IOTC le haghaidh 2022.

(7) Dá bhrí sin, maidir le fuílleach chuóta an Aontais le haghaidh tuinníní buí i limistéar IOTC le haghaidh 2022, ba cheart an fuílleach sin a chionroinnt i gcomhréir le toradh an phlé idir na Ballstáit lena mbaineann maidir le comhroinnt chuóta an Aontais le haghaidh an stoic sin, agus ba cheart an chionroinnt sin a dhéanamh sula dtiocfaidh deireadh ar an 30 Meitheamh 2022 le tréimhse cur i bhfeidhm an tsannta tosaigh.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2022/109 a leasú dá réir.

(9) Tá feidhm ag na teorainneacha gabhála dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2022/109 ón 1 Eanáir 2022. Ba cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag na forálacha arna dtabhairt isteach leis an Rialachán seo ón dáta sin freisin. Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla ná don phrionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint, mar go bhfuil méadú tagtha ar na deiseanna iascaireachta atá i gceist nó nár ídíodh go fóill iad. I bhfianaise na práinne atá le briseadh sna gníomhaíochtaí iascaireachta a sheachaint, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1
Rialachán (AE) 2022/109 a leasú

Leasaítear Rialachán (AE) 2022/109 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2
Teacht i bhfeidhm agus dáta cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán